C/2024/7203

28.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11766 – NVIDIA / RUN:AI)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7203)

1. An 15 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— NVIDIA Corporation ('NVIDIA', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Run:ai Labs Ltd ('Run:ai', Iosrael).

Gheobhaidh NVIDIA rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Run:ai ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Tharchuir Údarás Iomaíochta na hIodáile an comhchruinniú chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 22(3) den Rialachán um Chumaisc.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann NVIDIA ardáin ríomhaireachta luathaithe a dhearadh agus a sholáthar, lena n-áirítear Aonaid Próiseála Grafaicí le haghaidh cluichíochta, lárionaid sonraí, léirshamhlú gairmiúil, agus feidhmchláir mótarfheithiclí. Soláthraíonn NVIDIA táirgí agus réitigh idirnasctha líonraí freisin,

— Forbraíonn Run:ai bogearraí a chuidíonn le custaiméirí ualaí oibre a sceidealú ar bhraislí aonad próiseála grafaicí na lárionad sonraí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11766 – NVIDIA / RUN:AI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').